



C/2024/4431

11.7.2024

**CINNEADH Ó ARDIONADAÍ AN AONTAIS DO GHNÓTHAÍ EACHTRACHA AGUS DON
BHEARTAS SLÁNDÁLA**

an 23 Bealtaine 2024

maidir leis na rialacha a bhaineann le rochtain ar dhoiciméid

(C/2024/4431)

TÁ ARD-IONADAÍ AN AONTAIS DO GHNÓTHAÍ EACHTRACHA AGUS DON BHEARTAS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint d'Airteagal 11(1) de Chinneadh 2010/427/AE ón gComhairle an 26 Iúil 2010 lena mbunaítear eagraíocht agus feidhmiú na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí ⁽¹⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcomhréir le hAirteagal 11(1) de Chinneadh 2010/427/AE, cuirfidh SEGS na rialacha a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾ i bhfeidhm, agus cinnfidh an tArdionadaí na rialacha cur chun feidhme do SEGS.
- (2) De bhun Airteagal 11 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001, bhunaigh SEGS clár doiciméad a bhfuil rochtain ag an bpobal air.
- (3) Chun éabhlóid bheartas agus chleachtais trédhearcachta SEGS a léiriú, is iomchuí Cinneadh PROC HR(2011) 012 ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ⁽³⁾ a thabhairt cothrom le dáta tríd é a aisghairm agus an Cinneadh seo a chur ina ionad,

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal 1

Raon feidhme

Leagtar amach sa Chinneadh seo rialacha maidir le cur chun feidhme, arna dhéanamh ag SEGS, ar Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 (dá ngairtear 'an Rialachán' anseo feasta).

Airteagal 2

Iarratas a chur isteach

1. Déanfar iarratas ar rochtain ar dhoiciméid a sheoltar chuig SEGS a thíolacadh i scríbhinn, trí shuíomh gréasáin SEGS, trí ríomhphost chuig Foireann Trédhearcachta SEGS nó tríd an bpost chuig an gComhfhreagraí um Rochtain ar Dhoiciméid, an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, Rond Point Schuman 9A, an Bhruiséil 1040, an Bheilg.
2. Déanfar an t-iarratas ar bhealach beacht go leor chun go mbeidh SEGS in ann na doiciméid a iarradh a shainaitheint agus an t-iarratas a phróiseáil laistigh de theorainneacha ama an Rialacháin.

⁽¹⁾ IO L 201, 3.8.2010, lch. 30.

⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43).

⁽³⁾ Cinneadh ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 19 Iúil 2011 maidir leis na rialacha maidir maidir leis na rialacha a bhaineann le rochtain ar dhoiciméid (IO C 243, 20.8.2011, lch. 16).

3. I gcás iarratais nach bhfuil beacht go leor nó atá róleathan ó thaobh a raoin feidhme de, rachaidh SEGS i dteagmháil go pras leis an iarratasóir d'fhonn an iarraidh a shoiléiriú nó a raon feidhme a theorannú i gcomhréir le hAirteagal 6(2) agus 6(3) den Rialachán. In éagmais aon fhreagra ón iarratasóir laistigh de 10 lá oibre, rachaidh SEGS i dteagmháil an athuair leis an iarratasóir agus tabharfar 5 lá oibre breise dó chun raon feidhme na hiarrata a shoiléiriú nó a theorannú ionas go mbeidh SEGS in ann í a láimhseáil ar bhealach éifeachtúil. Mura dtugann an t-iarratasóir soiléiriú nó mura ndéanfaidh sé teorannú ar an raon feidhme, measfar gur diúltaíodh don iarratas.

4. A luaithe a chlárófar an t-iarratas, seolfaidh Comhfhreagraí SEGS um Rochtain ar Dhoiciméid admháil fála chuig an iarratasóir.

5. Próiseálfar sonraí pearsanta iarratasóirí i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir le cosaint sonraí pearsanta ⁽⁴⁾.

Airteagal 3

Teorainneacha ama

1. Próiseálfar gach iarratas faoi na coinníollacha agus laistigh de na spriodhataí a leagtar síos leis an Rialachán.
2. I gcásanna eisceachtúla, mar a leagtar amach in Airteagal 7(3) agus in Airteagal 8(2) den Rialachán, féadfar síneadh 15 lá oibre a chur leis na spriodhataí, go háirithe:
 - (a) i gcás iarratas atá casta nó a bhfuil líon mór sonraí nó doiciméad ag baint leo,
 - (b) más gá, chun iarraidh a dhéanamh, dul i gcomhairle le hinstiúid, le comhlacht nó le hoifig de chuid an Aontais, le Ballstát nó le toscaireacht de chuid an Aontais; nó
 - (c) más gá dul i gcomhairle le tríú páirtí.

Cuirfear an t-iarratasóir ar an eolas faoi aon síneadh mar sin agus faoi na cúiseanna atá leis.

Airteagal 4

Freagraí a láimhseáil

1. Déanann an Fhoireann Trédhearcachta freagraí ar iarratais tosaigh a láimhseáil agus síníonn Comhfhreagraí SEGS um Rochtain ar Dhoiciméid iad.
2. Síníonn Ardrúnaí SEGS freagraí ar iarratais dearbhúcháin tar éis comhairle an Chomhfhreagraí um Rochtain ar Dhoiciméid a mheas. Féadfaidh an tArdrúnaí an chumhacht sin a tharmligean laistigh de SEGS.

Airteagal 5

Freagra diúltach

Má tá an freagra ar iarratas diúltach ina iomláine nó i bpáirt, luafar na cúiseanna leis an diúltú bunaithe ar cheann de na heisceachtaí a leagtar amach in Airteagal 4 den Rialachán. Leis na freagraí ar iarratas tosaigh, cuirfear in iúl don iarratasóir go bhfuil sé de cheart aige iarratas dearbhúcháin a chur isteach. Leis na freagraí ar iarratas dearbhúcháin, cuirfear an t-iarratasóir ar an eolas faoi na réitigh atá ar fáil, eadhon imeachtaí cúirte a thionscnamh in aghaidh SEGS faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 263 CFAE agus/nó gearán a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 228 CFAE.

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag instiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE, (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

*Airteagal 6***Doiciméid tríú páirtí atá i seilbh SEGS**

1. I gcás ina bhfaigheann SEGS iarratas ar rochtain ar dhoiciméad atá ina sheilbh, ach a thagann ó thríú páirtí, rachfar i gcomhairle leis an tríú páirtí murar léir go nochtfar nó nach nochtfar an doiciméad, i bhfianaise na n-eisceachtaí a leagtar amach sa Rialachán.
2. Tabharfar rochtain ar an doiciméad gan dul i gcomhairle leis an tríú páirtí más rud é gur chuir údar an doiciméid an doiciméad ar fáil don phobal cheana féin, gur eisigh SEGS é cheana féin, nó más léir nach ndéanadh nochtadh, nó nochtadh páirteach, a ábhair difear d'aon cheann de na leasanna dá dtagraítear in Airteagal 4 den Rialachán.
3. Ní mór dul i gcomhairle leis an tríú páirtí i gcónaí má chumhdaítear an doiciméad faoi Airteagal 9 den Rialachán, nó más ó Bhallstát a tháinig an doiciméad agus gur iarr an Ballstát ar SEGS gan an doiciméad a nochtadh gan comhaontú a fháil uaidh roimh ré i gcomhréir le hAirteagal 4(5) den Rialachán. Is i scríbhinn a dhéanfaidh Ballstát an iarraidh sin.
4. Rachfar i gcomhairle leis an tríú páirtí i scríbhinn agus tabharfar teorainn ama réasúnta dó freagra a thabhairt, agus na teorainneacha ama a leagtar amach in Airteagal 3 den Chinneadh seo á gcur san áireamh. Tabharfaidh an tríú páirtí a thuairim i scríbhinn.
5. In éagmais freagra ón tríú páirtí laistigh den teorainn ama, nó má tá an tríú páirtí neamh-inaitheanta nó neamh-inrianaithe, déanfaidh SEGS cinneadh maidir leis an iarratas i bhfianaise na n-eisceachtaí a leagtar amach sa Rialachán, agus leasanna dlisteanacha an tríú páirtí á gcur san áireamh ar bhonn na faisnéise atá ar fáil dó.
6. Má tá sé ar intinn ag SEGS rochtain a thabhairt ar dhoiciméad i gcoinne thuairim shainráite an tríú páirtí, cuirfidh sé in iúl don tríú páirtí go bhfuil sé ar intinn aige an doiciméad a nochtadh laistigh den teorainn ama is infheidhme faoin Rialachán.

*Airteagal 7***Dul i gcomhairle le SEGS**

1. Maidir le hiarrataí ar chomhairliúchán SEGS ó Bhallstát nó ó institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht eile de chuid an Aontais a fuair iarratas ar dhoiciméad atá ina sheilbh ach a thagann ó SEGS, déanfar iad a chur faoi bhráid Fhoireann Trédhearcachta SEGS nó faoi bhráid an Chomhfhreagraí um Rochtain ar Dhoiciméid tríd an bpost chuig an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, Rond Point Schuman 9A, an Bhruiséil 1040, an Bheilg, nó trí ríomhphost chuig ACCESS-TO-DOCUMENTS@eeas.europa.eu.
2. Tabharfaidh SEGS a thuairim uaidh go pras, agus aon teorainn ama is infheidhme chun freagra a thabhairt á cur san áireamh aige, agus, ar a dhéanaí, laistigh de 5 lá oibre.

*Airteagal 8***Doiciméid rúnaicmithe**

1. I gcás ina mbaineann iarratas ar rochtain ar dhoiciméad le doiciméad a thagann faoi raon feidhme Airteagal 9 den Rialachán nó le doiciméad eile atá rúnaicmithe faoi rialacha slándála SEGS, láimhseálfadh baill foirne atá údaraithe chun iad féin a chur ar an eolas faoin doiciméad é.
2. Tabharfar cúiseanna ar bhonn na n-eisceachtaí a liostaítear in Airteagal 4 den Rialachán maidir le haon chinneadh ina ndiúltaítear rochtain ar an doiciméad rúnaicmithe go léir nó ar chuid de. Mura féidir an doiciméad a iarradh a dhiúltú ar bhonn na n-eisceachtaí sin, áiritheoidh an t-oifigeach atá ag láimhseáil an iarratais go ndéanfar an doiciméad a scaoileadh ó rúnaicmiú sula seolfar chuig an iarratasóir é.

*Airteagal 9***Módúlachtaí rochtana**

1. Seolfar doiciméid a dtabharfar rochtain orthu tríd an bpost nó trí ríomhphost. Má tá na doiciméid a iarradh toirtiúil nó deacair a láimhseáil, féadfar a iarraidh ar an iarratasóir féachaint orthu san áit ina bhfuil siad. Beidh an comhairliúchán sin saor in aisce.
2. Má tá doiciméad eisithe cheana féin ag SEGS, d'fhéadfadh sé gurb é an freagra a bheadh ann a chur in iúl don iarratasóir conas an doiciméad a iarradh a fháil, mar shampla na tagairtí foilseacháin a sholáthar nó an seoladh gréasáin ar a bhfuil sé ar fáil a chur in iúl.
3. Más mó ná 20 leathanach méid na gcóipeanna atá le seoladh leis an bpost, féadfar táille EUR 0,10 in aghaidh an leathanaigh, móide costais loingseoireachta, a ghearradh ar an iarratasóir. Cinnfear na táillí ar mheáin eile de réir an cháis ach ní sháróidh siad méid réasúnta.

*Airteagal 10***Clár Poiblí SEGS**

1. Doiciméid a dtabharfar rochtain orthu tar éis iarratas a dhéanamh faoin Rialachán, foilseofar i gclár poiblí SEGS iad. Beidh an clár inrochtana i bhfoirm leictreonach.
2. Ní dhéanfar doiciméid a cháilíonn mar dhoiciméid atá 'íogair' de bhun Airteagal 9(3) den Rialachán a thaifeadadh sa chlár ach amháin le toiliú an tionscnóra.

*Airteagal 11***Tuairisciú**

De bhun Airteagal 17(1) den Rialachán, foilseoidh SEGS tuarascáil go bliantúil agus áireofar sa tuarascáil sin an líon cásanna inar dhiúltaigh SEGS rochtain a thabhairt ar dhoiciméid, na cúiseanna leis na diúltuithe sin agus an líon doiciméad íogair nár taifeadadh sa chlár.

*Airteagal 12***Cinneadh PROC HR(2011) 012 a aisghairm**

Leis an gCinneadh seo, déantar Cinneadh PROC HR(2011) 012.

*Airteagal 13***Éifeacht**

Tiocfaidh an Cinneadh i bhfeidhm an lá tar éis lá a shínithe.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Bealtaine 2024.

Josep BORRELL FONTELLES

Ardionadaí an Aontais

do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála